

Scileanna Réamhriachtanacha in **ÚSÁID NA MATAMAITICE** trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chúí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chúí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh; modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú; faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;

Ag baint úsáid as **Eolas agus Tuiscint s’acu ar:**

Tomhas (meáchan)

Tomhas (fad)

Tomhas (toilleadh)

Tomhas (achar)

Tomhas (am)

S1 Taithí

(dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:

- teagmháil le héagsúlacht d’ábhair agus de threalamh na matamaitice;
- taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí matamaitice;
- taithí a fháil ar ghnáthaimh laethúla;
- taithí a fháil ar fhadhb; teagmháil a dhéanamh le straitéisí simplí loighciúla;
- taithí a fháil ar phatrúin éagsúla shimplí;
- teagmháil a dhéanamh le bailiúcháin réad;
- teagmháil a dhéanamh le réada/pictiúir/siombailí éagsúla;
- taithí a fháil ar réimse de theanga na matamaitice;

Mar shampla:

- gheobhaidh siad taithí ar dhá réad atá cosúil le chéile ar léir nach bhfuil de dhifear eatarthu ach an difear sa mheáchan;
- gheobhaidh siad taithí ar dhá réad atá cosúil le chéile ar léir nach bhfuil de dhifear eatarthu ach an difear san fhad;
- gheobhaidh siad taithí ar réimse ábhar agus ar shoithí de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla;
- gheobhaidh siad taithí ar dhromchla a chlúdach le réimse péinteanna/crián agus le páipéar de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla;
- gheobhaidh siad taithí ar ghnáthaimh laethúla;
- gheobhaidh siad taithí ar na téarmaí ‘anois’/‘ar ball’ agus ‘ar dtús’/‘ansin’.

S2 Freagairt

(tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois is arís)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- idirghníomhú le hábhair agus trealamh;
- freagairt do ghníomhaíochtaí matamaitice;
- gnáthaimh laethúla a thabhairt faoi deara;
- a thabhairt faoi deara go bhfuil fadhb ann;
- freagairt agus idirghníomhú le straitéisí simplí loighciúla;
- patrúin shimplí éagsúla a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh;
- idirghníomhú le réimse réad;
- idirghníomhú le meaitseáil agus bailiú réad/pictiúir/siombailí;
- freagairt do chuid de bhunteanga na matamaitice;

Mar shampla:

- freagróidh siad le beagán spéise do dhá réad atá cosúil le chéile ar léir nach bhfuil de dhifear eatarthu ach an difear sa mheáchan;
- freagróidh siad le beagán spéise do dhá réad atá cosúil le chéile ar léir nach bhfuil de dhifear eatarthu ach an difear san fhad;
- freagróidh siad agus spéis acu anois agus arís do réimse ábhar agus do shoithí de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla;
- freagróidh siad le teann spéise do dhromchla a chlúdach le réimse péinteanna/crián agus le páipéar de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla;
- freagróidh siad do ghnáthaimh laethúla;
- freagróidh siad do na téarmaí ‘anois’/‘ar ball’ agus ‘ar dtús’/‘ansin’.

Scileanna Réamhriachtanacha in **ÚSÁID NA MATAMAITICE** trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chúí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chúí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh; modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú; faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;

Ag baint úsáid as **Eolas agus Tuiscint s’acu ar:**

Tomhas (meáchan)

Tomhas (fad)

Tomhas (toilleadh)

Tomhas (achar)

Tomhas (am)

S3 Dul i mBun

(dul i mbun, aithris a dhéanamh ar iompraíocht mhúnlaithe, aird a dhíriú, súile a dhíriú ar rudaí, aithint)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíocht**h**unaithe/súgrad**h**unaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- dul i mbun ábhair mhatamaitice mar fhreagairt ar threoir/ar mhúnlú múinteora;
- gníomhaíochtaí matamaitice a aithint mar fhreagairt ar leideanna agus ar noda; dul i mbun gnáthaimh laethúla mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- dul i mbun dóigheanna le cuidiú a iarraidh agus aithris a dhéanamh orthu; cuimhneamh ar straitéisí simplí loighciúla mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- aithris a dhéanamh ar phatrúin shimplí a bhfuil siad cleachta leo mar fhreagairt ar mhúnlú múinteora;
- freagairt do réada atá á mbailiú agus dul ina mbun; dul i mbun sraith shimplí de réada/pictiúir/siombailí ina bhfuil a bheagán nó a mhórán de rogha agus aithris a dhéanamh ar an tsraith chéanna;
- cuid de theanga bhunúsach na matamaitice a aithint agus dul ina bun;

Mar shampla:

- déanfaidh siad aithris ar dhuine fásta trí ghrúpa de réada atá cosúil le chéile a láimhseáil nach ionann meáchan dóibh; éireoidh siad cleachta le teanga a bhaineann le meáchan, mar shampla trom/éadrom;
- déanfaidh siad aithris ar dhuine fásta trí ghrúpa de réada atá cosúil le chéile a láimhseáil nach ionann fad dóibh; éireoidh siad cleachta le teanga a bhaineann le fad, mar shampla fada/gairid;
- rachaidh siad i mbun réimse ábhar agus soithí de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla; éireoidh siad cleachta le teanga/siombailí a bhaineann le toilleadh mar shampla lán/folamh;
- déanfaidh siad aithris ar mhúinteoir agus é ag léiriú an dóigh le dromchla leathanaigh a chlúdach le péint nó le tábla a chlúdach le héadach;
- rachaidh siad i mbun níos mó agus níos mó de na gnáthaimh agus gníomhaíochtaí laethúla; rachaidh siad i mbun réimse gníomhaíochtaí ina ndéantar sealaíocht; rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí faoi eachtraí pearsanta a tharla ar na mallaibh/san am a chuaigh thart/a tharlóidh sa todhchaí, amhail breithlaethanta, am nuachta srl; rachaidh siad i mbun stór focal a bhaineann le ham, amhail am sosa, am lóin, am dul abhaile, srl; aithneoidh siad na téarmaí ‘anois’/’ar ball’ agus ‘ar dtús’/’ansin’ agus glacfaidh siad leo.

S4 Páirtíocht Ghníomhach

(idirghníomhú, roinnt, páirtíocht, comhoibriú, déanamh amach roimh ré, cuimhneamh)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíocht**h**unaithe/súgrad**h**unaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- a aithint go gcaithfear cinneadh a dhéanamh nuair atáthar ag roghnú ábhar agus trealaimh do ghníomhaíocht shimplí;
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí matamaitice; páirt a ghlacadh i ngnáthaimh laethúla;
- buntuiscint a léiriú go bhfuil straitéis de dhíth le fadhbanna a fhuascailt, amhail cuidiú a iarraidh; páirt a ghlacadh i straitéisí simplí loighciúla a bhfuil tacaíocht acu;
- páirt a ghlacadh nuair a bhítear ag cóipeáil patrúin shimplí;
- páirt ghníomhach a ghlacadh i mbailiú réad/eolais; imeachtaí/cásanna eispéiris a bhfuil siad cleachta leo a léiriú le siombailí/réada/pictiúir chúí
- cuimhneamh ar ghníomhaíochtaí ina bhfuil bunteanga na matamaitice agus páirt a ghlacadh iontu;

Mar shampla:

- maidir le réada atá cosúil le chéile nach ionann meáchan dóibh déanfaidh na daltaí idirghníomhú leo/fiosróidh siad iad agus láimhseálfaidh siad iad; aithneoidh siad réada atá trom/éadrom;
- maidir le réada atá cosúil le chéile nach ionann fad dóibh déanfaidh na daltaí idirghníomhú leo/fiosróidh siad iad agus láimhseálfaidh siad iad; aithneoidh siad réada atá fada/gairid;
- fiosróidh siad réimse ábhar agus soithí de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla; aithneoidh siad soithí atá lán/folamh;
- glacfaidh siad páirt i ngníomhaíocht ina gclúdaítear dromchla, mar shampla leathanach, le péint nó tábla le héadach;
- déanfaidh siad níos mó agus níos mó de na gnáthaimh agus de na gníomhaíochtaí laethúla a thuar agus glacfaidh siad páirt iontu; glacfaidh siad páirt i réimse de ghníomhaíochtaí ina ndéantar sealaíocht; cuimhneoidh siad ar eachtraí a tharla ar na mallaibh/san am a chuaigh thart/a tharlóidh sa todhchaí mar shampla inniu, amárach, inné, ‘an t-am le’; glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann úsáid as teanga agus téarmaí a bhaineann le ham, amhail deireadh gníomhaíochta a thuar trí fhreagairt d’amadóir amhairc; léireoidh siad go nglacann siad leis na téarmaí agus go dtuigeann siad na téarmaí ‘anois’/’ar ball’ agus ar dtús/’ansin’ agus iad in úsáid i gcomhthéacs; glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí a thugann isteach an teanga a bhaineann le laethanta na seachtaine, amhail clár ama pictiúrtha laethúil/seachtainiúil.

Scileanna Réamhriachtanacha in **ÚSÁID NA MATAMAITICE** trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chúí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chúí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteacht agus le cinntí a dhéanamh; modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú; faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair;

Ag baint úsáid as **Eolas agus Tuiscint s’acu ar:**

Tomhas (meáchan)

Tomhas (fad)

Tomhas (toilleadh)

Tomhas (achar)

Tomhas (am)

S5 Daingniú (tosú ar thuiscint a fhorbairt)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:

- cinntí a dhéanamh nuair atá ábhair agus trealamh á roghnú do ghníomhaíocht shimplí;
- beagán tuisceana a léiriú ar nodaireacht na matamaitice, amhail uimhreacha/ focail/tacair; gnáthaimh laethúla a thuar agus iad a chur i gcrích;
- trial a bhaint as réimse de straitéisí fadhbhuascailte, amhail cuidiú a lorg; éirí cleachta le réimse atá ag fás de bhunstraitéisí loighciúla;
- patrúin shimplí a aithint agus a leanúint;
- buneolas a chur in iúl agus cuidiú lena eagrú; réimse d’eachtraí/cásanna/eispéiris a bhfuil/nach bhfuil siad cleachta leo a léiriú le siombailí/réada/pictiúir chúí;
- tosú a thuiscint teanga chúí mhatamaitice

Mar shampla:

- cuirfidh siad dhá nó trí réad a bhaineann le meáchan i gcomparáid le chéile agus cuirfidh siad in ord iad; sórtálfaidh siad réada atá trom/éadrom;
- cuirfidh siad dhá nó trí réad a bhaineann le fad i gcomparáid le chéile agus cuirfidh siad in ord iad; sórtálfaidh siad réada atá fada/gairid;
- cuirfidh siad dhá nó trí réad a bhaineann le toilleadh i gcomparáid le chéile agus cuirfidh siad in ord iad; sórtálfaidh siad soithí atá lán/folamh;
- léireoidh siad go bhfuil tuiscint acu ar an teanga a bhaineann le hachar;
- aithneoidh siad gnáthaimh laethúla; léireoidh siad tuiscint ar chlár ama a léamh, mar shampla ‘an rud a chaithfidh muid a dhéanamh ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, agus ar deireadh; léireoidh siad tuiscint ar shealaíocht, mar shampla ag fanacht le do sheal; léireoidh siad tuiscint ar eachtraí pearsanta a tharla ar na mallaihbh/san am a chuaigh thart/a tharlóidh sa todhchaí ag baint úsáid as téarmaí mar inniu, amárach, inné, ‘an t-am le...’ srl. léireoidh siad go dtuigeann siad gur féidir le clog uaireanta áirithe a léiriú, mar am dul chun an bhaile, am lóin, am súgartha; léireoidh siad go dtuigeann siad na téarmaí ‘anois’/’ar ball’ agus ‘ar dtús’/’ansin’ agus iad in úsáid i gcomhthéacs; foghlaimeoidh siad laethanta na seachtaine de ghanmheabhair.

Leibhéal 1

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana, tig le daltaí:

- a labhairt ar na hábhair agus ar an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid;
- roinnt nodaireacht mhatamaitice a úsáid; eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla;
- labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach; straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl;
- patrúin a lorg agus labhairt orthu;
- an fhaisnéis atá de dhíth a bhailiú agus labhairt uirthi; a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid;
- teanga chúí mhatamaitice a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre;

Mar shampla:

- an ghnáth-theanga a bhaineann le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar a úsáid le cur síos ar thrí réad, le comparáid a dhéanamh eatarthu agus le hiad a chur in ord; *m.sh. tá sé níos faide ná, tá an meáchan céanna iontu, coinníonn sé níos lú ná;*
- imeachtaí coitianta a chur i seicheamh; *m.sh. dúiseacht, ní agus gléasadh, bricfeasta a ithe;*
- bheith eolach ar laethanta na seachtaine agus a n-ord; *m.sh. fios a bheith acu go dtagann an Domhnach i ndiaidh an tSathairn agus roimh an Luan;*
- amanna ‘speisialta’ ar an chlog a aithint; *m.sh. am sosa agus am lóin a aithint ar an chlog.*